



## Comhordaitheoir Meán Sóisialta

### Conradh 2 bliana

Cuirfidh TG4 fáilte roimh iarratais don phost Comhordaitheoir Meán Sóisialta.

Beidh an té a cheapfar ar dhuine d'Fhoireann Margaíochta TG4 agus iad freagrach as comhordú agus forbairt a dhéanamh ar ardáin Meán Sóisialta TG4.

Is deis tábhacht iad na Meáin Shóisialta do TG4 chun nascadh a dhéanamh leis an bpobal féachana agus le pobal nua a mhealladh chuig ábhar TG4. Cuirfear fáilte roimh iarrthóirí a bhfuil tuiscint acu ar TG4, sainscil agus taithí acu ar na hardáin Shóisialta, agus Gaeilge & Béarla den scoth acu.

Is fostóir comhdheiseanna é TG4 agus déanfar iarratais incháilithe a mheas beag beann ar inscne, gnéaschlaonadh, aois, taithí shóisialta, cine agus eitneacht, éagumas, stádas sibhialta an teaghligh, creideamh nó ar duine den Lucht Siúil atá i gceist. Tá TG4 i bhfabhar na héagsúlachta. Fáilteoidh muid roimh iarratais ó dhaoine ó chúlraí éagsúla.

### An Ról

Beidh an té a cheapfar freagrach as comhordú a dhéanamh ar obair Mheáin Shóisialta TG4 agus freagrach don Bhainisteoir Cumarsáide. I measc na gcúraimí a bheidh i gceist, beidh

- Glór TG4 ar na meáin shóisialta a fhorbairt i gcomhar le foireann margaíochta TG4.
- Bainistiú a dhéanamh ar ardáin shóisialta TG4.
- Feachtais mhargaíochta do na meáin shóisialta a léiriú, a fhorbairt agus a sceidealú.
- Cumarsáid, comhrá, agus aiseolas a thabhairt don phobal.
- Tuiscint ar na hathruithe a thagann ar na hardáin shóisialta agus na hathruithe sin a chur i bhfeidhm ar ardáin TG4.
- Treoir a thabhairt maidir le feachtais agus comhoibriú le foirne cruthaitheacha, cumarsáide agus láithreachais an chainéil ar na feachtais.
- Anailís a dhéanamh ar fheachtais agus tuairiscí a ullmhú.
- Is í an Ghaeilge teanga oibre TG4 agus mar sin tá sé riachtanach go mbeadh Gaeilge den scoth ag an té a cheapfar, idir labhairt agus scríobh na teanga.

### Nithe atá riachtanach don phost seo:

- A bheith tiomanta Fís, Misean agus Straitéis TG4 a chur i bhfeidhm.
- Sárthuisicint ar TG4 agus a lucht féachana.
- Taithí ábhartha agus sárthuisicint ar na hardáin shóisialta.
- Cruinneas i scríobh na Gaeilge agus an Bhéarla.
- Cumas cóipscríbhneoireachta atá tarraingteach agus a thagann le glór TG4 ar na hardáin shóisialta.
- Scileanna idirphearsanra agus cumarsáide.

- Dearcadh dearfach, solúbtha agus a bheith in ann obair a dhéanamh faoi bhrú.
- Scileanna eagrúcháin agus pleanála agus in ann treoir a thabhairt.

**Is é 4pm Dé Luain an 9ú Deireadh Fómhair an dáta deiridh a nglacfar le hiarratais. Seol d'iarratas mar aon le litir iarratais chuig [cv@tg4.ie](mailto:cv@tg4.ie).**